

☘ An Lúibín ☘

15 Feabhra 2021

An chéad eagrán den bhliain. Cuid ábhair seanphléite ann, ábhar ar fiú béim a chur uirthi ar bhealaí difriúla ó am go ham, agus cúpla rud nua. Cuimhnímis i gcónaí gur i dteanga bheo atá An Lúibín scríofa, teanga a mhaireann fós ina tír dhúchais agus thar sáile, i ag freagairt don saol neamhbhuan atá ina timpeall ach ag coinneáil na dé inti féin agus ag borradh de réir a chéile i gcathracha, i mbailte móra agus in áiteanna i bhfad i gcéin.

Go rath ar an teanga agus ar na léitheoirí.



CEARDLANN IDIRNÁISIÚNTA DO SCRÍBHNEOIRÍ GAEILGE AR ZOOM: PRÓS AGUS FILÍOCHT CLÓ IAR-CHONNACHT

Dáta: Dé Sathairn, 20 Márta 2021

Am: 14.00 – 19.00 (am na hÉireann)

Stiúrthóirí na Ceardlainne:
Micheál Ó Conghaile agus Micheál Ó Ruairc

Beidh an cheardlann seo dírithe ar scríbhneoirí Gaeilge atá in gcónaí taobh amuigh d'Éirinn agus nach mbíonn seans acu de ghnáth bualadh le scríbhneoirí Gaeilge eile lena saothar a phlé. Beidh fáilte roimh scríbhneoirí a bhfuil saothair foilsithe cheana acu agus roimh scríbhneoirí atá ag tosú. Beidh áit do ochtar ar an gceardlann.

Tugtar cuireadh do scríbhneoirí ar mhaith leo a bheith páirteach sa cheardlann gearrscéal, dánta (suas le 3 dhán) sliocht as úrscéal nó sliocht próis (5-10 lch) nó splancscéal a sheoladh chuig Stiúrthóir CIC, Micheál Ó Conghaile ag moccic22@outlook.com ROIMH an **12 Márta 2021**.

Roghnófar na saothair is feiliúnaí agus déanfar iad a phlé agus a mheas ag an gceardlann. Seolfar saothar gach scríbhneora chuig gach iarrthóir (a bheidh ag freastal ar an gceardlann) roimh ré ionas go mbeidh deis acu iad a léamh. Tríd an modh oibre seo beidh na hiarrthóirí ar fad in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheardlann, agus foghlaim ó laigí agus ó bhuanna shaothar a chéile. Beidh áit d'ochtar ar a mhéid ar an gceardlann. Níl aon táille i gceist don cheardlann seo.

Tuilleadh eolais:

Micheál Ó Conghaile nó Bridget Bhreathnach
Cló Iar-Chonnacht
An Spidéal
Co. na Gaillimhe
Guthán: (091) 593307 Facs: (091) 593362 Ríomhphost:
moccic22@outlook.com
www.cic.ie

Tá an cheardlann seo á heagrú le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon



Dante i nGaeilge

It is the seventh centenary of Dante's death. The many translations of his allegorical journey into Hell, the Inferno, include one in Irish by Pádraig de Brún, published in 1963.

Is í an bhliain seo 2021 comóradh seacht gcéad bliain bhás an fhile Dante Alighieri (1321-2021), údar a scríobh a lán rudaí in Iodáilis nó i Laidin, ach a bhfuil a iomrá ag brath thar aon rud eile ar a *Ifreann*, oilithreacht fhileata an

údair anuas trí réigiúin an dreama dhamnaithe agus é ag caint i gcónaí leis na hanamacha a fhaigheann sé roimhe ar an mbealach. Mar a deir an scoláire Meiriceánach John Freccero:

Cuireann an comhrá leis na daoine damnaithe amhras sna gnásanna sólasacha a dhéanann ár mbás féin a cheilt orainn an chuid is mó den am. Áit deiridh an t-ifreann, dála campa príosúin nó barda ailse, áit a n-osclaítear na súile do dhuine agus nach bhfágtar de rogha aige ach a admháil nach bhfuil smacht aige ar a saol.¹

Téann an file ar seachrán agus faigheann amach gur soiléiriú é an seachrán sin:

*Nel mezzo del cammin di nostra vita
mi ritrovai per una selva oscura
che la diritta via era smarrita...*

Tá aistriúchán ar Ifreann ar fáil i nGaeilge ón mbliain 1963 agus é déanta ag an Moinsíneoir Pádraig de Brún (1889-1960), scríbhneoir agus matamaiticeoir ó Ghráinseach Mhoicléir i gContae Thiobraid Árann.² Seo thíos na chéad línte:

*I lár an bhealaigh tríd an saol so againne,
I bhfad ón mbóthar díreach dom as eolas,
Mhothaíos thar n-ais i ndoimhneacht dhiamhair choille.*

*Cad í mar choill í is deacair dom a chomharthú
'S a fiántas crann a bhí chomh garbh láidir
'S go dtig le smaoineamh air athnuachaint sceoin dom.*

*Is beag is géire an bás ná a ghéire atá san:
Scéal ar an ádh bhí romham ann sara ndéanfadh,
Tá a mhalairt feicthe agam nach mór dom trácht air.*

*Conas a chuas féin gcoill ar dtúis ní léir dom;
Ghabh sámhairíocht lastuas díom insan am san
Gur éirigh dom an chonair cheart a thréigean.*

Is féidir an chéad mhír (Canto 1) a chloisteáil á haithris ag Mícheál D. Ó hUiginn anseo:

<http://www.dantepoliglotta.it/de-brun-1963-3/?lang=en>



Dante Alighieri, portráid le Giotto(?)
Wikimedia Commons

An Ghaeilge ar scoil

Vexed questions: Does the present system really allow Irish to be taught successfully in Irish schools, and if there were wholesale reform, what assumptions would need to be discarded?

Téimis siar trí bliana go dtí 2017, nuair a chuir Foras na Gaeilge 'Tuairisc ar an Ghaeilge sa Chóras Oideachais i bPoblacht na hÉireann' amach.³

¹ Réamhrá, lch xii, in Robert Pinsky, *The Inferno of Dante, a new translation by Robert Pinsky (bilingual edition)*, Farrara, Straus and Giroux, 1996.

² De Brún, Pádraig. *An Choiméide Dhiaga, Leabhar 1: Ifreann*. M.H. Mac an Ghoill, 1963.

³ https://www.gael-linn.ie/uploads/documents/Tuairisc_ar_an_Ghaeilge_sa_Ch%C3%B3ras_Oideachais_i_bPnah%C3%89_Samhain_2017.pdf

Tá an-tábhacht le stádas, riocht, agus seasamh na Gaeilge sa chóras oideachais i bPoblacht na hÉireann; i saol gach páiste taobh amuigh den Ghaeltacht, is sa chóras oideachais den chuid is mó a bhuaileann na páistí leis an Ghaeilge den chéad uair sa tochaí. Ach tar éis na bunscolaíochta, na hiar-bhunscolaíochta, agus na gcúrsaí tríú leibhéal, an bhfuil toradh ar an obair sin? An gcluintear cainteoirí múinínneacha líofa Gaeilge in oifigí stáit, sa ghnáthshaol nó i measc múinteoirí?

Tá freagra gearr ar an gceist sin: ní chloistear. Freagra é nach dtaitneodh le Gaeilgeoirí sa Bhreatain, sna Stáit agus san Astráil, ós rud é nach bhfuil le fáil de chainteoirí líofa i measc inimirceach ó Éirinn ach scata beag, rud nach gcuidíonn le saothrú na teanga thar sáile.

Cuimhnimis ar na scoileanna féin agus ar an nGaeilge mar ábhar éigeantach; ábhar a ndéantar staidéar air ó thús na bunscolaíochta anuas go dtí deireadh na meánscolaíochta. Cuimhnimis go bhfágann formhór mór na ndaltaí an scoil agus gan iad in ann comhrá líofa nádúrtha a dhéanamh i nGaeilge ná téacs réasúnta casta a léamh. Ní hé nár aithníodh an fhadhb: in 2016 tugadh curaclam nua isteach, Curaclam Teanga na Bunscoile, agus é de chuspóir aige comhtháthú a dhéanamh idir an Ghaeilge agus an Béarla sa rang. Tuigeadh gurbh fhéidir le cumas i dteanga amháin cabhrú le dul chun cinn sa dara teanga agus i dteangacha eile ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh múinteoirí ábhar a mhúineadh sa chéad teanga a threisiú trí dhul siar arís sa dara teanga. Molann Curaclam Teanga na Bunscoile do mhúinteoirí Gaeilge a labhairt go neamhfhoirmiúil laistigh den scoil agus Gaeilge a úsáid chun ábhair eile a mhúineadh. Is deacair an méid sin a lochtú.

D'admhaigh léachtóirí sna gcoláistí oiliúna, áfach, go bhfuil a lán múinteoirí faoi oiliúint 'nach bhfuil spreagtha iontu féin leis an Ghaeilge a mhúineadh'. Sin tuairim atá dearbhaithe go tréan ag an taighde agus ag an bhfianaise béil. Is beag amhras ann ná go bhfuil a lán múinteoirí bunscoile ann nach féidir leo comhrá a dhéanamh i nGaeilge agus gur deacair dóibh, mar sin, an curaclam nua a chur i bhfeidhm. Is gearr ó bhí agallamh le príomhoide gaelscoile ar Raidió na Gaeltachta (Tús Áite, 14/1/21, 'Caighdeán Gaeilge múinteoirí') agus é ag cur síos ar scéal a cíoradh go minic cheana: daoine ag dul isteach sna coláistí, iad gan Ghaeilge (d'ainneoin 'pas' a fháil sa teanga) agus iad ag teacht amach ina múinteoirí gan Ghaeilge; easpa múinteoirí le Gaeilge ar na gaelscoileanna féin nó gan teacht acu siúd ach ar mhúinteoirí a bhfuil Gaeilge lag acu. Deir na léachtóirí úd go mbíonn tionchar ar na múinteoirí ag dearcadh an phríomhoide scoile i leith na Gaeilge: más amhlaidh atá suim ag an bpríomhoide sa teanga, cuideoidh sin le cás na teanga.

Ní mór a fhiafraí arís i dtús na bliana úire seo an féidir rath ar bith a chur ar an éigeantas Gaeilge nó an fearr an leagan de atá anois ann a chaitheamh i gcártaí in éineacht leis na buntuirimí atá ag siúl leis.

Ní féidir teanga a mhúineadh le héifeacht mura múintear le fonn í. Ach (mar is minic ráite ag daoine eile) fáinne fí atá ann. Tá ag teip ar an gcóras líon mór daltaí líofa a sholáthar, agus is iad na daltaí neamhlíofa is mó a théann i mbun oiliúint múinteora. (Ní mór an chabhair scrúdú béil na hArdteiste - caint á chur de ghlanmheabhair agus í á spalpadh arís os comhair na scrúdaitheoirí.) Tríd is tríd, ní bhíonn feabhas ar bith tagtha ar a gcuid Gaeilge agus iad ag dul amach ar lorg poist, agus múineann siad féin an teanga ar bhealach a chuireann drochuchtach ar an domhan. Is fíor go ndeir na suirbhéanna go bhfuil Gaeilge go leor ag na hÉireannaigh ach í a úsáid; ach ní thugann an córas oideachais muinín ina gcumas féin dóibh agus tús áite tugtha do na rialacha seachas don chaint.

Moltar go gcuirfí tumoiliúint ar mhúinteoirí chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus go gcuirfí an chaint chun tosaigh sa rang. Ach is deacair a thuiscint i gcás ar bith conas a gheofaí a oiread múinteoirí lánlíofa is a d'fhreastlódh ar gach bunscoil sa tír de réir an chórais atá anois ann, gan trácht ar na meánscoileanna. I ndáiríre, ní bheidh fíospéis sa teanga choíche ach ag cuid bheag de na múinteoirí. B'fhearr, mar sin, gan do bhrat a leathadh ach mar a fhéadfaidh tú é a chonlú. Laghdaigh an líon daltaí atá ag foghlaim Gaeilge ag an dara leibhéal trí ligean dóibh a rogha féin a dhéanamh, agus cuir speisialtóirí ag múineadh Gaeilge sna bunscoileanna in áit éileamh ar gach múinteoir go mbeidís cáilithe sa teanga. Faigh réidh le pas sa Ghaeilge mar choinníoll iontrála sna hollscoileanna: ní dhéanann an coinníoll céanna ach cur i gcéill a chothú.

Tá mionlach daltaí ann nach féidir teangacha iasachta (ar nós na Gaeilge) a bhrú orthu; tá a lán eile ann a chuirfeadh suim i dteanga eile (fiú na Gaeilge) dá múiní ar bhealach tuisceanach tarraingteach í. Faoi láthair níl an córas ag freastal ar cheachtar den dá dhream. Tá sé in am ag cosantóirí na Gaeilge mar ábhar éigeantach athmhachnamh a dhéanamh, beag beann ar an idé-eolaíocht. Rachaidh sin ar sochar don Ghaeilge ar fud an domhain.



An athbheochan nua

The new 'revival' of Irish is largely invisible to English speakers and owes little to tradition. But it is remarkable in its own right.

Comhrá de chuid ár ré:

- *Actually*, is dóigh liom gur fhág mé sa chistin é. Tá an *charger* agam ach níl an fón agam.
- Cén fáth?
- *Because* bhí deifir orm agus mé ag imeacht. *D'éalaigh* an codladh orm.
- Is féidir leat mo cheann féin a úsáid, *you know*.
- *Thanks, but* ní fiú liom é. Dá mbeadh *emergency* ann, b'in scéal eile.
- *Yes. Mind you*, b'fhéidir go bhfuil daoine ag iarraidh dul i dteagmháil leat anois féin agus muid ag caint anseo.
- *No*, ní dóigh liom. *Anyway*, is maith an rud sos a bheith agat anois agus arís.
- Sin díreach an rud a dúirt sí féin liom an lá cheana. *Like*, an mbeadh an saol millte ort agus an fón fágtha sa *drawer* agat cúpla uair sa tseachtain?
- *Yes, but what if..*
- *What?*
- Abair go mbeadh siad ag iarraidh dul i dteagmháil leat agus *emergency* ann?
- *All right*, ná fág an fón sa bhaile, *so*.

Caint na ndaoine, mar atá sí anois. Ní dóichí rud ná go bhfuil a lán focal ó Bhéarla na linne seo neadaithe go buan sa Ghaeilge anois, cé gur fada go bhfeicfidh tú i bprós na teanga iad, mura le fonóid é. Tabhair faoi deara gur dobhriathra, cónaisc agus frásaí is mó atá i gceist anseo, rudaí a bhaineann le gramadach, seachas ainmfhocail amháin.

Ná bímis ag súil lena mhalairt agus an dá theanga ar a dtoil ag pobal na Gaeilge, idir Ghaeilgeoirí agus chainteoirí traidisiúnta. É sin ráite, tá scata cainteoirí ann nach ligean siolla Béarla isteach ina gcuid Gaeilge – ar phrionsabal, an dtuigeann tú.⁴ Ach géilleann slua eile go nádúrtha agus go héasca don chódmhalartú agus a gcuid Gaeilge blaitithe i gcónaí le Béarla. Ní scéal nua é, ach scéal suntasach anois é.

Ansin, ceist na tuine. Má mheascann tú tuin Bhéarlaithe an ghnáth-Ghaeilgeora le caint atá breac le Béarla, is beag an t-ionadh má theipeann ar strainséirí an nua-Ghaeilge seo a aithint thar Bhéarla na hÉireann. Má éistean tú le cainteoir traidisiúnta den seanchineál (agus tá roinnt acu le cloisteáil i measc láithreoirí Raidió na Gaeltachta) cloiseann tú teanga fhíor-iasachta agus salann géar an tseansaol uirthi. Ní mhairfidh sin agus caithfear glacadh leis.

Tar éis an tsaol, níl an Ghaeilge marbh. Dá mbeadh, ní bheadh *An Lúibín* ann. Deir an tOllamh James McCloskey (Ollscoil California Santa Cruz), Gaeilgeoir atá ina scoláire aitheanta teangeolaíochta, go mbíonn daoine ag gearán faoi 'theip' athbheochan na Gaeilge: 'Ach nuair a scrúdaítear feachtais eile den chineál céanna in áiteacha eile, is léir, creidim, go bhfuil feachtas caomhnaithe na Gaeilge ar an fheachtas is fearr ar éirigh go fóill leis in áit ar bith ar domhan'.⁵ Luann sé (mar a luadh cheana ar *An Lúibín* agus in áiteanna eile) an pobal bríomhar sna cathracha, pobal a bhfuil scríbhneoirí, scoláirí agus iriseoirí le fáil ann. Agus deir sé nach mór glacadh le leaganacha aisteacha na teanga:

Rud eile atá soiléir más sa chomhthéacs domhanda a thuigimid cás na Gaeilge: ní thig linn a bheith rónósúil faoi cén sórt teanga nó teangacha a fhágfar againn ag an deireadh. Déantús cultúrtha fíor-aisteach an rud seo a dtugaimid 'an Ghaeilge' air... Ní fios anois cén sórt teanga nó teangacha a nochtfas amach as cūr seo na cruthaitheachta.

Deir McCloskey nach ceart dúinn ár gcuid dóchais a ligean le scód: 'Gach seans go scuabfaí chun siúil gach a bhfuil déanta, agus gach a bhfuil tógtha i gceann deich mbliana'. B'fhiú é a rá, cé nár tháinig an tuar faoin tairngreacht fós.

⁴ Eagarthóir ardaigeantach *An Lúibín*, mar shampla.

⁵ McCloskey, James. *Voices Silenced - Guthanna in Eag: Has Irish a Future - An Mairfidh an Ghaeilge Beo*. Cois Life, 2001.

An t-amhras a chuireann daoine éigin (Béarlóirí, ar ndóigh) san ‘athbheochan’ seo is furasta é a thuiscint. In Éirinn níl tionchar na teanga le haithint ar ghnáthshaol an phobail; ní chloistear á labhairt í, níl sí le feiceáil ach ar chomharthaí bóthair. Déarfá nach bhfuil sí ann ar chor ar bith ach amháin mar ábhar corrchospóide nó mar ábhar neamhbheo ar scoil. Má fhógraíonn Gaeilgeoirí go bhfuil lá nua ag an teanga, níl ann ach gaotaireacht. Má mholann siad na gaelscoileanna, sin mórtas thóin gan taca. Tá cuid de na Gaeilgeoirí féin ró-ghoilliúnach (féach *Tuairisc.ie*, iris nach ligeann aon achasáinín thairsti), rud nach gcuidíonn lena gcúis. Mothaíonn siad go bhfuil siad fágtha ar an leataobh; d’aontóidh lucht an amhrais leo.

Mar sin féin, ní féidir a shéanadh anois nach bhfuil an Ghaeilge ann mar theanga bhríomhar chathrach, fiú más ar chúla téarmaí é. Is é an cruthú is bunúsai air sin na tob-Ghaeltachtaí – gnáthchainteoirí ag teacht le chéile, cuid acu líofa, cuid acu stadach, ach fonn orthu an teanga a úsáid i gcuideachta a chéile. Lasmuigh de sin, tá Gaeilge á scríobh, á léamh nó á labhairt mar theanga oibre agus spraoi. Saol rúnda é laistigh de shaol an Bhéarla.

Ní hé an méid sin an athbheochan a raibh siad ag súil léi fadó, teanga fhorleathan phobail. Bímis sásta lena bhfuil againn. Tá speach san asal fós.



Athmhachnamh ar longa fada na hÉireann

The Irish galley was once crucial in warfare and trade. It began as a vessel of Viking appearance but developed into something else, with crucial evidence to be found in the work of Elizabethan cartographers.

Longa a thiomáintear le rámhanna agus le seol: bhí siad coitianta in Éirinn anuas go dtí an 17ú haois. Anois tugtar ‘rámhlonga’ ar a leithéidí, ach ní thugtar orthu in annála na hÉireann ach ‘longa fada’ nó ‘cabhlach fada’ agus bhí siad le fáil in Albain agus in Éirinn araon, ag iompar daoine, beithíoch agus earraí. Ba dheacair áibhéil a dhéanamh ar an tábhacht a bhí leo.

Anuas go dtí seo níor tháinig na seandálaithe ar iarsma ar bith den long fhada. Fágann sin go gcaithfear eolas a fháil ó íomhánna atá le fáil ar leaca agus ar phár. Tá an dá chineál ann: íomhánna snoite a nochtann long ar cosúil le long Lochlannach í, crann amháin inti agus cabhail fhada aici, agus íomhánna ar léarscáileanna a léiríonn long níos nua-aoisí.

Féach an íomhá thíos agus í snoite mar chuid d’armas ar leac de chuid na Máilleach i Mainistir Oileán Chliara. Bhí clú ar mhuintir Mháille mar fhoghlaithe agus mar cheannaithe – théidis ag trádáil leis an Spáinn – agus is é an mana atá ann ‘Terra et mari potens (i réim ar tír is ar muir) - Ó Máille’. Is dócha gur sa 17ú haois a rinneadh an íomhá seo, agus tá cosúlacht mhór idir í agus roinnt íomhánna snoite eile dá leithéid. Is beag amhras atá ann ná gur patrún ársa atá anseo, ceann a d’aithneodh na Lochlannaigh féin.




Ní mar a chéile na longa úd ar dhéanamh Lochlannach agus na longa a fheicimid sna léarscáileanna maisithe a rinneadh sa dara leath den 16ú haois. Dhá chartagrafaí Shasanacha, Richard Bartlett⁶ agus Francis Jobson,⁷ atá i gceist, agus is éard ba chuspóir dá saothar léargas a thabhairt ar áiteanna in Éirinn a bhí le sealbhú ag coilínigh ó Shasana, go háirithe i gCúige Uladh.


I léarscáil d’oirthear Uladh a rinneadh timpeall 1602 atá longa Bartlett le fáil, biodh sí ina bunleagan nó ina cóip. Feicimid longa a bhfuil cabhail fhada acu, transam ard agus stiúir, tosach géar gobach acu agus cábán ard thiar ar an tile. Crann amháin atá iontu agus crannóg in airde, agus seol mór ann ar cosúil le seol lug é. An gnáthrigín atá ar taispeáint – staghanna, scríútaí, scóid agus tacaí, láinnéir shlaite, láinnéir chleithe, láinnéiríní agus frideoirí féin. Tá idir ocht agus deich rámh ar gach taobh agus iad cóirithe in aon líne amháin. Féach trí shampla thíos.

⁶ [https://ga.wikipedia.org/wiki/Richard_Bartlett_\(cartagrafa%C3%AD\)](https://ga.wikipedia.org/wiki/Richard_Bartlett_(cartagrafa%C3%AD))

⁷ [https://ga.wikipedia.org/wiki/Francis_Jobson_\(cartagrafa%C3%AD\)](https://ga.wikipedia.org/wiki/Francis_Jobson_(cartagrafa%C3%AD))



Tá léiriú Jobson níos simplí. Tá dhá léarscáil de Chúige Uladh le Jobson a bhfuil an bhliain 1590 luaite leo; ar cheann acu (“ploated for her Ma[jesty] in anno 1590”) tá dhá long agus an-chosúlacht idir iad agus longa Bartlett, ach amháin go bhfuil dhá crann i gceann acu. Ar léarscáil eile a rinne Jobson in 1598 tá trí long, crann tosaigh in dhá cheann acu in éineacht le crann mór. Tá barrsheol ar an gcrann mór ag long amháin. Féach samplaí le Jobson thíos.



Ní longa Sasanacha iad: is beag an t-éileamh a bhí ar rámhlonga i gcabhlach Eilís. Tá a lán tagairtí, áfach, déanta do longa fada sna limistéir Ghaelacha i bPáipéir Stáit Shasana.

Tá cáil an chruinnis ar Bartlett agus ar Jobson araon maidir leis an léiriú a rinne siad ar chríocha na nGael – cruinneas a bhí ag teastáil ó údaráis Shasana chun na críocha sin a ghabháil agus a chur ar sochar dóibh féin. Bheifeá ag súil leis an gcrúinneas céanna agus longa á léiriú. Árthai iad a bhfuil an-chosúlacht eatarthu ach nach mar a chéile iad ar fad, agus iad níos gaire do ghnáthmhúnla a leithéidí in Iarthar Eorpa sa ré sin ná don seanmhúnla Lochlannach. Tá draíocht ag baint le longa Lochlannacha, ar ndóigh, draíocht ar féidir léi daoine a chur amú agus iad ag plé long fada na hÉireann mar a bhí siad timpeall na bliana 1600. Ach dá mbeifeá ag iarraidh ceann de na longa sin a atógáil ní fearr rud a dhéanfa ná mionscrúdú a dhéanamh ar na híomhánna deasa a thug na cartagrafaíthe Sasanacha dúinn.

Nuair a luaitear na longa seo sna hannála is iondúil go mbaineann an scéal le ruathar nó le longbhriseadh, mar a tharla thíos i sliocht as *Annála Ríochta Éireann* (1560) agus Mathúin Ó Briain i gceist. D’fhág sé Árainn i long chun ruathar a thabhairt ar Dheasmhumhan agus bránna a ghabháil, ach ag filleadh dó féin agus a dá fhoireann rug stoirm orthu agus cailleadh seol, téada agus táclaí. Buaileadh an long faoi charraig i mbéal Chuan an Fhírh Mhóir in Iarthar Connacht;⁸ bádh os cionn céad duine agus Tuathal Ó Máille, fear stiúrtha cáiliúil, ina measc. Níor tháinig slán ach Mathúin agus triúr eile.

Mathúin mac Thoirealaigh, mhic Thaidhg mhic Dhonnchaidh mhic Dhomhmaill mhic Thoirealaigh Mhéith [Uí Bhriain] do dhul i nDeasmumhain [le] lucht loinge agus árthaigh as Árainn. Bránna do ghabháil dó isan tír theas, agus deir araile nár mhaith a bhfuil agus gur ar tairiseacht a tháingadar, agus ag filleadh dhó tar ais lena éadálaibh d’fhás gairbhe sa ngaoith agus fuaiscneamh sa bhfirmimint, agus do deighleadh le araile an long agus an t-árthach, agus ag déanamh don loing gona lucht in urthosach oíche ar Árainn do fuadaíodh a seol as glacaibh fear agus féinní d’innibh téad agus táclaí ina chodannaibh comhbhloghtha i bhfraitheachaibh na firmiminti, agus do buaileadh an long dá éis sin fá charraig i mbéal Cuain an Fhírh Mhóir in Iarthar Connacht, agus do bádh í gona foirinn seachas Mathúin agus aontriúr eile, agus do bádh tuilleadh ar chéad

⁸ Féach <https://www.logainm.ie/ga/1165938>.

sa chaladh sin díobh um Thuathal Ó Máille stiúrasman cabhlaigh fhada ab fhéarr ina aimsir.



An Timpeallacht

Droch-chás an chóála

The koala, slow, furry, unique, was once found everywhere in eastern Australia. Millions were killed by colonists; now they succumb to fire and loss of habitat. Extinction seems not unlikely.

Tubaiste an chóála: scéal atá i mbéal an phobail anois. Bhí na milliúin ann dhá chéad bliain ó shin nuair a rinne na Briotanaigh áitriú san Astráil, agus ba bheag an mhoill ar na coilínigh na milliúin a mharú. Anois, ar a lán cúiseanna, tá an cóála i bpráinn.

Is mór an limistéar a bhfuil an cóála le fáil ann: ar fud oirthear agus oirdheisceart na hAstráile – sin tuairim is milliún ciliméadar (390,000 míle cearnach). Tagann an t-ainm *cóála ó gula* ('gan uisce'), focal ón teanga Bhundúchasach Darug a bhí á labhairt mar a bhfuil Sydney anois. Shíltí go raibh cóálaí in ann maireachtáil ar an méid uisce atá le fáil i nduilleoga eoclaipe, ach is fios anois ina theannta sin go n-ólann siad uisce a shileann aníos le cabhail crainn i ndiaidh báistí. Maireann siad idir trí bliana déag agus ocht mbliana déag.

Is beag cothú i nduilleoga eoclaipe agus caithfidh cóálaí a neart a chruinniú dá réir, iad ina gcodladh de lá agus ag ithe d'óiche. Má tá fíorbhrothall ann, bíonn greim daingean acu ar an gcuid is fionnuaire den chrann; más measartha te atá an lá, síneann siad siar ar chraobh; agus más lá fuar fliuch atá ann, cuachann siad iad féin.

Mharaíodh na Bundúchasaigh féin cóálaí ó am go ham ach, chomh maith leis sin, ba chuid suntasach dá mbéaloideas an cóála, ainmhí críonna. Bhí na coilínigh i bhfad níos fuilítí, ach tá rudaí eile ag cur na gcóálaí i mbaol anois seachas na gunnaí agus na tinte: scriosadh a ngnáthóige, uirbiú agus triomach.



Cóála baineann agus a coileán ar a droim.
Wikimedia Commons

Na tinte fíochmhara a tharla le roinnt blianta anuas in oirthear na hAstráile mharaigh siad na mílte cóála. Is furasta do chrainn eoclaipe dul trí thine (is minic a spreagann an tine fás nua), ach ainmhithe malla na cóálaí agus tá nós acu dídean a lorg sna craobhacha is airde, craobhacha a théann trí thine más tine ollmhór atá i gceist. Bíonn an samhradh féin níos teo, agus níl acmhainn ar chóálaí ar thréimhsí fada dianteasa, gan trácht ar an laghdú a thagann ar an gcothú i nduilleoga eoclaipe de dheasca an teasa chéanna. Brothall agus gorta.

Más iad na tinte is cúis le cuid de scriosadh na ngnáthóige, tá cúiseanna eile ann – feirmeoirí ag glanadh talaimh agus cathracha ag leathadh, gan trácht ar leagarnach

thráchtála. Ó thaobh na staire de, tá an Astráil go han-mhaith chun dífhoraoisiú agus díothú a dhéanamh. Tá an dífhoraoisiú ar siúl go fóill agus leanann an díothú dá réir é. Agus níl an limistéar uirbeach gan chontúirt: tá madraí ann agus carranna, agus maraítear na mílte cóála gach bliain.

Is aisteach an smaoinemh é go bhféadfadh an cóála – ainmhí a bhíodh chomh coitianta sin agus é ina ghnáthchomhartha Astrálach – imeacht gan bhonn ná lorg air. Smaoinemh mínádúrtha é. Ach seans mór go dtitfidh sin amach agus an cóála ina chomhartha feasta ar an díothú féin.

Níl na heolaithe gan seift. Faoi láthair tá taifead á dhéanamh ar ghéanóm na gcéadta cóála chun a fháil amach cén seasamh atá acu i gcoinne aicídí agus eile, agus déanfar é seo le speicis eile freisin. Eolas luachmhar é seo. Is trua nár fhéadamar é a fháil leathchéad bliain ó shin agus beart a dhéanamh dá réir.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun
rianach@optusnet.com.au.**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to
rianach@optusnet.com.au.*

Dánta le Colin Ryan

Na héin

déanann siad scinneadh trín
anseo sa deisceart

an cabaire breac is an snag breac
an gobadán
an phearóid ildathach
is an fiach dubh dár mbreathnú
taobh thiar den solas

an cleasaí críonna
ar scaoil tú leis i d'óige
le hurchar iomraill

An treo

an chathair thall is an fharraige
na páirceanna dóite
ina gcodladh
na crainn ina smearadh
i gcéin

an bóthar éirithe folamh
é éirithe dall
ar an treo